Focal id' Chluais.

A word in your ear. Lúnasa '09.

Stair Maigh Chromtha.

Is féidir an t-ainm Maigh Chromtha a mhiniú i dtrí shlí.
1) Tháinig sé ón leagan Gaeilge Maigh Chromptha nó an machaire cam.
2) Deirtear go dtagann sé ó "Plain of Crom" an Dia págánach.
3) Tá sé bunaithe ar chríoch-chomhartha, crann in aice le droichead na habhann. Ó seo tagann an mhíniú dair cham "crooked oak".
Deineadh an chéad tagairt do Mhaigh Chromtha siar i 550 a.d. Bhí sé aitheanta mar Achad Dorbchon ar ag an am sin agus bhí sé taobh istigh de ríocht Mhuscraighe (Mhúscraí). Ionad mór reiligiúin ab ea an ceantar seo suas go dtí 1600. Ag amanna éagsúla b'ionad reiligiúnach Bairdne a bhí ann, ionad do Dhraoithe na Mumhan , bhí éaglios ann agus bhí Easpag Chorcaí i gceannas ar an gceantar. Tagann na céad tagairtí do lonnaíocht i Maigh Chromtha i bhfoirm fothraigh seandálaíochta, tá cuid acu le feiceáil fós. Tá ráthanna, cathracha, fulachtaí fiadh (ionaid chócarála) agus uaimheanna talún (bealaí faoi thalamh) san áireamh. Is féidir galláin a fheiscint sa cheantar freisin, tá roinnt mhaith díobh ann. Tá cuid acu ina gcomharthaí ar reiligí réamhstairiúla. Tá galláin ann atá 15 troigh ar airde agus tá inscríbhinn Ogham ar chuid acu freisin. Tá an áit inar rugadh Naomh Fionnbarra, bunaitheoir Chathair Chorcaí, suite sa cheantar seo chomh maith le suíomh an chéad séipéil a thóg sé in aice le Maigh Cluana Aichidh.

Brian Ború agus an Bhéillic. Rugadh Brian Ború timpeall 940, bé an mac ab óige sa chlann agus bhí deartháir amháin aige darab ainm Mahon. B'é Cennedig a athair, uachtarán ar Dal Cais, ceann des na treibheanna ríoga saor sa Mhumhan. Nuair a tháinig Mahon in áit a athar mar Rí bhí easaontas aige le Brian faoi an polasaí a bhí acu dos na Lochlannaigh. Thug Brian aghaidh ar na sléibhte le banna treallchogaíoch agus dheineadar an-damáiste dos na Lochlannaigh. Sa deireadh nuair nár éirigh leis teacht ar réiteach leis na Danmhargaigh daontaigh Mahon le Brian ar pholasaí troid in aghaidh na Lochlannaigh. Bhí comhaontas ag Ivar, Rí na "Ostermen" i Luimneach le muintir Ó Mathúna agus Ó Donnabháin ó dheisceart na Mumhan. D'éirigh le muintir ó Mathúna Mahon a ghabháil agus a mharú in aice le Maigh Chromtha in Achadh Bolg. Fuair Brian díoltas ar bhás a dhearthár nuair a mharaigh sé Ivar i gcomhrac aonair. Mharaigh sé Ó Donnabháin ansin. Bhuail Brian le muintir Ó Mathúna ag Cath an Bhealaigh Leachta in aice le cumair abhainn an tSuláin agus abhainn na Láinne. Lean an cath ar feadh lá agus bhí Brian treisithe le mion-chinn fine a thug faoi ndeara an cumas inar léirigh sé é féin mar cheannaire. Fuair muintir Ó Mathúna le Maolmuidh mar cheannaire tacaíocht ó 1500 Danmhargaigh agus ón méid a bhí fágtha de threibh Ó Donnabháin. Bhí orthu cúlú agus fuaireadar tearmainn i Leacha Dubh, in aice le Maigh Chromtha áit inar aimsigh Murcha, mac Brian, Maolmuidh agus mharaigh sé é. Ina dhiaidh an cath bhí Brian corónaithe mar Rí na Mumhan. Seo an chéad bhua mór a bhí ag Brian i gcoinne na Lochlannaigh. Dheimhnigh sé seo an chumhacht mhíleata a bhí aige agus bhí Brian san iomaíocht le bheith mar Ard-Rí. Aithníodh mar Ard Rí é in 1002. Glaotar Béillic ar Bhealach Leachta, "Way of the stones" anois. Is galláin iad na clocha sa pháirc os comhair agus beagáinín siar ó Mhuileann an Bhéillic. Deirtear go bhfuil siad ann chun an cath a comóradh ach níl aon fhianaise chun a bheith cinnte, tá seans go bhfuilid ann níos faide.

An Caisleán: Sa dara aois déag tógadh caisleán in Achad Dorbchon, Maigh Chromtha i rith réimeas threibh Uí Fhloinn. De réir fianaise bhí clann Uí Fhloinn mar cheann des na clanna ba luaithe agus ba cumhachtaí i gceantar Múscraí. Bhí a gceanncheathrú i Maigh Chromtha. Bhí an caisleán ina phointe fócasach do gach forbairt ina dhiaidh sin i Maigh Chromtha. Sa tríú haois déag bhí trí ionraí ar Mhaigh Chromtha. Bhí an ionradh deireanach ag muintir Mhic Carthaigh agus leanadar ar aghaidh go dtí go raibh siad mar an gclann ba chumhachtaí agus ba cheannasaí sa cheantar. De bharr an tionchair a bhí ag muintir Mhic Carthaigh agus Uí Fhloinn d'ardaigh an suntas a bhí ag Maigh Chromtha sna blianta timpeall an seachtú aois déag. Nuair a bhí muintir Uí Fhloinn imithe bhí ball difriúla de chlann Mhic Carthaigh sa chaisleáin suas go dtí lár na seachtú haoise déag. Bhí timpeall 232,300 acra ag muintir Mhic Carthaigh i Múscraí. I 1448 fuair Cormac "Láidir" Mac Carthaigh an teideal, Tiarna Mhúscraí. I rith a shaoil dhein sé a lán oibre chun an caisleán a dheisiú agus a mhéadú. Thóg sé caisleán i gCarraig a' Droichid agus bhunaigh sé Mainistir i gCill Chré. Fuair sé an cháil ba mhó don chaisleán a thóg sé i mBhlárna i 1446.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Cuir glaoch ar Mary/Eileen ag 026 40999

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
27ú Lúnasa le coinne, 087 6579894.
Cosliacht le coinne, dáta le socrú. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Tarraing trí stocaí as an dtarraiceán agus beidh péire stocaí ag meaitseáil agat mar má tá an chéad stoca dubh agus an dara ceann bán beidh an tríú ceann dubh nó bán agus beidh sé ag meaitseáil leis an gcéad ceann a tharraing tú amach.
Dúcheist tapaidh: An freagra ná 79.

Moltaí.

Tá an Focal id' Chluais ag brath go mór ar ábhair uaibhse. Má tá paidir, dán nó scéal agat a theastaíonn uait a fhoilsiú sa Focal id' Chluais seol isteach chugainn iad le do thoil go dtí an Ionad Áise i Réidh na nDoirí.

Sudoku.

Chun sudoku a imirt caithfidh tú gach sraith, colún agus bosca 3×3 a líonadh leis na uimhreacha 1 go dtí a 9. Is féidir leo bheith in aon ord ach ní féidir an uimhir chéanna a úsáid faoi dhó in aon sraith.

			1	2	5	6		7
7					8		2	
	2				6	9		8
			8		3		5	
	7	3				2	1	
	1		6		2			
1		7	9				6	
	6		2					4
2		4	3	6	7	5		

An Memorare.

Ó a Mhaighdean Mhuire ceannsa cuimhnigh id' aigne, éinne a tháinig chugatsa faoi atuirse is a chuir a muinín asnat nár cloiseadh riamh fós gur cailleadh é.
Chúgatsa dá bhrí sin a thagaimse im' pheacach bocht atuirseach ag éigheamh is ag screadaig ort, go nglacfá mé im' leanbh chugat is mé bhreith saor go Flaitheas leat.
A Mháthair an aon Mhic ná h-éimhigh m'achaine ach fóir agus freagair mé go trócaireach taithneamhach.

Amen.

A Naomh Mhuire guidh orainn.

A Mháthair na Síor chabhrach fóir orainn.

Scoraíocht an Déardaoin.

De bharr moréileamh tá an scoraíocht ar an 20ú lá de mhí Lúnasa aistrithe go dtí Eochaill. Beidh bus mór ag dul ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh agus Inse Geimhleach go dtí Maigh Chromtha. Beidh an Luas agus an Bus Dearg ag bailiú daoine i mBaile Bhúirne, i gCúil Aodha, i gCill na Martra, i Réidh na nDoirí agus i gCluain Droichid agus ag bualadh leis an mbus mór i Maigh Chromtha. Beidh dinnéar ar fáil san Elm Tree i nGleanntáin agus beimid ag dul ar aghaidh go dtí Eochaill ansin. Chun d'áit a chuir in áireamh cuir glaoch orainn ag 026 45661 roimh Luain an 17ú lá de mhí Lúnasa led do thoil.

Bia i Séasúr.

Seo liosta de bhia atá ina shéasúr féin i Lúnasa agus Meán Fhómhair.

biatas, fraocháin ghorma,
brocailí, cairéid,
cainneanna, maicréal,
mealbhacáin, neachtairíní
oinniúin, péitseoga,
prátaí, trátaí.

Cleas Inchinne.

Is eochair mé agus ní osclaím aon ghlas. Bím ag seinm in armóin le mo ghaolta dubha agus bána. Cad é?